Cuir Aithne ar
Uíbh Ráthach

# Fáilte go dtí an Tearmann Spéire Dorcha Chiarraí san Uíbh Rathach

## Cad is Anaclann Spéire Dorcha ann?




Tá thart ar 700km$^2$ de leithinis Uíbh Ráthaigh fógartha mar chuid de Anaclann Idirnáisiúnta Spéire Dorcha Chiarraí ag an gCumann Idirnáisiúnta Spéire Dorcha, a aithníonn í mar láthair ar leith chun spéartha réaltacha a fheiscint.

Cosanta ó thruailliú solais ón taobh amuigh ag cnoic arda thoir agus ag an Aigéan Atlantaigh thiar, cuireann an Anaclann seo deiseanna ar fáil chun an oíche a fheiscint sa riocht inar chonaic ár sinsir í. Bíonn réaltbhuíonta, plainéid, agus Bealach na Bó Finne le feiscint ar oícheanta glana dorcha.

Tá an Anaclann déanta suas de limistéar lárnach a thagann leis na riachtanais don doircheacht nádúrtha, agus crios maolánach a thacaíonn le caomhnú na spéartha dorcha sa lár. Bunaíodh an Anaclann trí phairtnéaracht phobail a aithníonn luach na timpeallachta oíche.

## Cuir Aithne ar Spéir na hOíche




Bíonn spéir na hoíche i gcónaí ag athrú, agus ar an mbonn sin más mian leat réaltaí agus réaltbhuíonta a aithint is maith an sás aip fóin chliste nó cairt mhíosúil na réaltaí a bheith agat.
Is féidir, leis, treoraí áitiúil a lorg chun tú a thabhairt ag réaltóireacht san Anaclann – níl rud ar bith níos fearr ná réaltóireacht i gcomhluadar maith le fuaim an Atlantaigh id chluas!
Ní gá duit réaltaí a aithint, áfach, d'fhéadfá suí siar ar oíche ghlan agus sult a bhaint as radharc na réaltaí ag glioscarnach. Coimeád cluas amach d'ulchabháin, sciatháin leathair, agus dúlra oíche eile, agus bí ag samhlú faoi thráth go mbíodh daoine ag baint úsáid as na réaltaí chun a slí a dhéanamh agus chun an tráth bliana a aithint.

## Cad is truailliú solais ann?

Coscann Truailliú Saorga Solais sinn ó na réaltaí a fheiscint, ag cur mearbhall agus ag imirt tionchar diúltach ar ainmhithe fiaine, ag cur fuinneamh amú, agus ag imirt tionchar, chomh maith, ar shláinte agus sábháilteacht dhaonna. Tagann truailliú solais ó shoilse atá níos gile ná mar is gá, a shoilsíonn ar limistéir nach gá a bheith soilsithe, nó go bhfuil an imir mhícheart sholais orthu (bíonn imreacha 'teo' níos fearr).

## Naisc úsáideach

www.darksky.org
www.darksky.ie
www.stellarium.org
www.skymaps.com

www.discoveriveragh.ie